# DÁIL ÉIREANN

**AN RÁITEAS MAR EOLAS DO VÓTÁLAITHE I NDÁIL LEIS AN MBILLE UM AN AONÚ LEASÚ IS DAICHEAD AR AN MBUNREACHT (AN COMHAONTÚ MAIDIR LE CÚIRT AONTAITHE UM PAITINNÍ), 2024.**

Rith Dáil Éireann an Rún seo istigh ag an gCruinniú de Dháil Éireann a bhí ann an 6ú lá seo de Mhárta, 2024.

**STATEMENT FOR INFORMATION OF VOTERS IN RELATION TO THE FORTY-FIRST AMENDMENT OF THE CONSTITUTION (AGREEMENT ON A UNIFIED PATENT COURT) BILL 2024.**

The within Resolution was passed by Dáil Éireann at its Meeting on this 6th day of March, 2024.

Catherine Connolly, TD

An Leas-Cheann Comhairle

Le cur go dtí:

For transmission to: *An Taoiseach*

GO nDÉANFAR an ráiteas atá leagtha amach sa Sceideal a ghabhann leis an Rún seo a fhorordú mar eolas do vótálaithe, de bhun alt 23 d'Acht an Reifrinn, 1994 (Uimh. 12 de 1994), i ndáil leis an togra chun an Bunreacht a leasú, atá ar áireamh sa Bhille um an Aonú Leasú is Daichead ar an mBunreacht (An Comhaontú maidir le Cúirt Aontaithe um Paitinní), 2024, agus is ábhar do reifreann bunreachta.

**An Sceideal**

**An Bille um an Aonú Leasú is Daichead ar an mBunreacht (An Comhaontú maidir le Cúirt Aontaithe um Paitinní), 2024**
– Páipéar Ballóide Uaine

**Ráiteas mar Eolas do Vótálaithe**

Fiafraítear díot, sa reifreann seo, an bhféadfaidh Éire an Comhaontú maidir le Cúirt Aontaithe um Paitinní a dhaingniú.

Beartaítear leis an mBille um an Aonú Leasú is Daichead ar an mBunreacht (An Comhaontú maidir le Cúirt Aontaithe um Paitinní), 2024 an fo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt 10° d'Airteagal 29.4 den Bhunreacht:

"11° Féadfaidh an Stát an Comhaontú maidir le Cúirt Aontaithe um Paitinní, arna dhéanamh sa Bhruiséil an 19ú lá d'Fheabhra, 2013, a dhaingniú. Ní dhéanann aon fhoráil atá sa Bhunreacht seo dlíthe a d'achtaigh, gníomhartha a rinne nó bearta a ghlac an Stát de bhíthin riachtanais na n-oibleagáidí atá ar an Stát faoin gComhaontú sin a chur ó bhail dlí ná cosc a chur le dlíthe a d'achtaigh, gníomhartha a rinne nó bearta a ghlac comhlachtaí atá inniúil faoin gComhaontú sin ó fheidhm dlí a bheith acu sa Stát."

**Má thoilíonn tú** leis an togra, cuir **X** os coinne an fhocail **Tá** ar an bpáipéar ballóide.

**Mura dtoilíonn tú** leis an togra, cuir **X** os coinne an fhocail **Níl** ar an bpáipéar ballóide.

Is féidir féachaint ar chóip den Bhille ar an idirlíon ag www.oireachtas.ie

THAT the statement set out in the Schedule to this Resolution be prescribed for the information of voters, pursuant to section 23 of the Referendum Act 1994 (No. 12 of 1994), in relation to the proposal to amend the Constitution which is contained in the Forty-first Amendment of the Constitution (Agreement on a Unified Patent Court) Bill 2024 and is the subject of a constitutional referendum.

**Schedule**

**Forty-first Amendment of the Constitution (Agreement on a Unified Patent Court) Bill 2024**
– Green Ballot Paper

**Statement for the Information of Voters**

You are being asked, in this referendum, if Ireland may ratify the Agreement on a Unified Patent Court.

The Forty-first Amendment of the Constitution (Agreement on a Unified Patent Court) Bill 2024 proposes to insert the following subsection after subsection 10° of Article 29.4 of the Constitution:

"11° The State may ratify the Agreement on a Unified Patent Court done at Brussels on the 19th day of February 2013. No provision of this Constitution invalidates laws enacted, acts done or measures adopted by the State that are necessitated by the obligations of the State under that Agreement or prevents laws enacted, acts done or measures adopted by bodies competent under that Agreement from having the force of law in the State."

If you **approve** of the proposal, mark **X** opposite the word **Yes** on the ballot paper.

If you do **not approve** of the proposal, mark **X** opposite the word **No** on the ballot paper.

A copy of the Bill may be viewed on the internet at www.oireachtas.ie